

Tá an-áthas orm fáilte a chur romhaibh go léir chuig an 23ú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta d'ionchúisitheoirí. Tá breis is 300 duine ó gach cearn den chóras dlí choiriúil i láthair ag ár gcomhdháil inniu, lena n-áirítear an tArd-Aighne, baill de na breithiúna, baill den Gharda Síochána agus gníomhaireachtaí eile, ranna rialtais, ionadaithe ó na dámha dlí, aturnaetha stáit, comhghleacaithe ó leabharlann an dlí, agus ar ndóigh, ó m'Oifig féin. Tá fáilte mhór romhaibh go léir. Toisc gurb í mo chéad Chomhdháil Bhliantúil mar Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí í, ba mhaith liom an deis a thapú cúpla rud a rá faoi na rudaí is dóigh liom atá tábhachtach sa ról seo agus faoin straitéis atá againn do na trí bliana amach romhainn de réir mar a leanann seirbhís ionchúisimh na hÉireann ag forbairt chun freastal ar riachtanais mhuintir na hÉireann san 21ú hAois.

Ba mhaith liom tosú trí meas a léiriú ar oidhreacht na ndaoine a bhí sa ról seo romham – Eamonn Barnes, James Hamilton agus Claire Loftus – agus leis sin oidhreacht Barry Donoghue a bhí ina Leas-Stiúrthóir le breis agus 20 bliain agus a chuaigh ar scor anuraidh. Tá seirbhís ionchúisimh bunaithe ag na daoine aonair seo agus ag an iliomad iar-ionchúisitheoirí tiomnaithe eile ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, aturnaetha stáit agus an Bharra a bhfuil prionsabail an neamhspleáchais, na cothroime agus na héifeachtachta mar chroílár aige.

Feicim gurb é an ról atá agam anois cur leis an bhunobair láidir seo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu.

Inár straitéis trí bliana a foilsíodh an samhradh seo, leag m'Oifig amach conas a bheartáimid cur le feabhsuithe thar cheithre réimse – **seirbhís, digitíú, comhoibriú** agus **daoine**. Laistigh de gach ceann de na colúin seo tá gníomhartha a bhaineann le caighdeán arda comhsheasmhacha a chinntiú inár seirbhís; tacú lenár bhfoireann agus lenár gcomhghleacaithe ionchúisimh; ár bpróisis agus ár gcumas TFC a fheabhsú; chomh maith lenár gcomhoibriú a dhoimhniú chun teacht i gcion ar athrú agus cur le torthaí feabhsaithe ar fud an chórais ceartais choiriúil.

Nuair a labhraímid faoi sheirbhís tá sé tábhachtach, dar liom, a bheith soiléir gurb é atá i gceist againn ná seirbhís do mhuintir na hÉireann. Is é cuspóir an méid a dhéanaimid ná seasamh leis an bhforlámhas dlí, rud atá bunúsach d'aon daonlathas feidhmiúil. Is é an bealach a ndéanaimid é seo ná trína chinntiú go bhfuil ár gcroíluachanna mar bhonn agus mar thaca ag ár seirbhís, go gcomhlíonaimid ár ndualgas ar na caighdeáin is airde, agus go ndéanaimid cumarsáid éifeachtach lena chinntiú go mbeidh muinín agus iontaoibh ag daoine ionainn. Tá trí chuid i ndáiríre ansin mar a fheicim é do mo ról agus go deimhin dár ról mar ionchúisitheoirí: **luachanna, caighdeán** agus **cumarsáid**.

Ar an gcéad dul síos, is é an post atá againn mar ionchúisitheoirí ná seasamh le luachanna na seirbhíse ionchúisimh in Éirinn a forbraíodh le 50 bliain anuas. Tá na luachanna seo curtha in iúl anois inár [Ráiteas Straitéise](#) tar éis ceardlanna le foireann m'Oifige níos luaithe i mbliana. Is iad **ionracas, neamhspleáchas, dearscnaitheacht, meas** agus **comhghleacaíocht**. Ar ndóigh tá neamhspleáchas an ról seo cumhdaithe go sonrach san Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974 a chruthaigh ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Tuigim go bhfuil an t-ádh orainn in Éirinn maireachtáil i sochaí inar féidir leis an bpobal muinín a bheith againn, mar is ceart, go ndéantar cinntí ionchúisimh go hiomlán saor ó aon iarracht ar chur isteach polaitiúil. Ní coincheap teibí í an neamhspleáchas ach fíorluach nach mór d'ionchúisitheoirí a bheith fíor – ag fanacht

airdeallach i gcoinne thionchar na tráchtairachta seachtraí nó na laofachta gan aithne. Mar ionchúisitheoirí, ní mór dúinn díriú ar an bhfianaise agus ar an dlí.

I bhfianaise leibhéal na freagrachta atá i gceist, bheadh sé de cheart ag muintir na hÉireann freisin a bheith ag súil go bhfuil na hionchúisitheoirí a dhéanann cinntí, a ullmhaíonn cásanna nó a chuireann fianaise i láthair sa chúirt sár chumasach, sároilte agus tiomanta don obair a dhéanann siad. Tá caighdeán ghairmiúla arda mar chuid de chultúr sheirbhís ionchúisimh na hÉireann agus tá raon gníomhartha inár straitéis a bhaineann le hoiliúint, le bainistíocht eolais agus dearbhú cáilíochta chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chultúr sin. Tá cleachtas an dlí choiriúil ag éirí níos speisialaithe, rud a éilíonn tuiscint suas le dáta ar fhorbairtí reachtaíochta agus cásdlí, ní hamháin ar an leibhéal náisiúnta ach ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin. Tá gá le breisoiliúint leanúnach – mar shampla i réimsí chomh héagsúil le litearthacht dhigiteach nó cur lenár dtuiscint ar thionchar tráma.

Is gá freisin a bheith ar an eolas maidir le cineálacha coireachta agus áisitheoirí nua. Is é ceann acu seo airgeadraí fíorúla, ar féidir le coirpigh iad a úsáid chun saibhreas mídhleathach a stóráil. Táim buíoch den mBleachtaire Garda Alan Carbery ón mBíúró um Shócmhainní Coiriúla as ucht teacht anseo inniu chun a shaineolas ar airgeadraí fíorúla a roinnt. Tá an oiread sin coireachta eagraithe cumasaithe ar líne anois, agus gníomhaithe ag feidhmiú i ndlínsí éagsúla. Uaireanta bíonn coigistiú sócmhainní mar chuid de chás ionchúisimh agus uaireanta is féidir leis an ionchúiseamh cumhachtaí nach bhfuil bunaithe ar chiontú a úsáid chun na sócmhainní a urghabháil cibé áit a stóráiltear iad. In 2021, d'aisghabh ár nOifig €6.5 milliún i sócmhainní, méadú ó €2.2 milliún in 2020. Is réimse é seo ina bhfuil m'Oifig ag forbairt agus ag cur breis oiliúna ar fáil do Ghardaí. Is réimse é a bhfuil sé ar intinn againn a bheith ag leanúint de bheith ag forbairt.

Is é an tríú cuid de mo ról agus go deimhin ár ról mar ionchúisitheoirí ná cumarsáid, rud atá ríthábhachtach chun muinín agus muinín an iontaoibh a chothabháil. Chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ní mór dúinn ionchais shoiléire a leagan síos maidir lenár ról. Ní dhéanaimid ionadaíocht ar íospartaigh ach tá ról tábhachtach againn maidir le faisnéis a sholáthar dóibh, agus chun tacú lena gcearta a chosaint faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017.

Tá a fhios againn go bhfaigheann go leor íospartach cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh anacair agus mothaíonn roinnt íospartaigh go ndiúltaítear dóibh agus nach gcreidtear iad. Tá sé tábhachtach dúinn a chur in iúl nach gciallaíonn cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh nach gcreidtear íospartach. I bhformhór mór na gcásanna is é go bhfuil measúnú déanta againn nach leor an fhianaise agus nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go gciontófar. Le blianta beaga anuas tá ár nAonad Idirchaidrimh le hÍospartaigh ag comhoibriú le gníomhaireachtaí éagsúla tacaíochta d'íospartaigh agus ag feabhsú an chaoi a gcuirimid in iúl cén fáth a ndearnadh cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Ní mór do na litreacha seo chuig íospartaigh ár n-oibleagáid maidir le faisnéis a sholáthar ar bhealach nach ndéanann ath-traumatú ar an duine aonair a chothromú, agus cearta chun príobháideachta tríú páirtithe á gcosaint, agus toimhde na neamhchiontachta a chaomhnú.

Maidir leis na cásanna sin a ionchúisítear, tá a fhios againn ónár n-idirghníomhaíochtaí le hÍospartaigh agus finnítithe go bhféadfadh ionchas cúirte a bheith thar a bheith strusmhar. Tá a fhios againn freisin ó íospartaigh an luach a chuireann siad ar fhaisnéis chruinn agus thráthúil. Tá cáilíocht na rannpháirtíochta

ag cruinnithe réamhthrialacha leis an bhfoireann ionchúisimh, chomh maith leis an rannpháirtíocht le linn na trialach, ríthábhachtach. Tá sé de dhualgas ar an gcóras dlí coiriúil iarracht a dhéanamh oiriúnú do riachtanais finné leochaileach agus ní a mhalairt. Mar ionchúisitheoirí, ní mór dúinn a bheith airdeallach ar leochaileacht. Ní mór dúinn a bheith réamhghníomhach maidir leis an Acht Íospartaigh na Coireachta a agairt agus iarratais chuí a dhéanamh ar bhearta speisialta chun tacú le hÍospartaigh a gcuid fianaise is fearr a thabhairt.

Réimse áirithe amháin a ndéantar tagairt dó arís agus arís eile i ráitis tionchair íospartaigh is ea taithí na n-íospartach i rith croscheistiú. Tá ceart an chúisí an fhianaise a fhiosrú agus agóid a dhéanamh inchreidteacht bunúsach do thriail chothrom, ach tá feasacht mhéadaithe ar conas is féidir é seo a dhéanamh go héifeachtach gan a bheith ina chúis le haththrámadh gan aon ghá. Táim buíoch den Ollamh John Jackson as ucht aontú labhairt linn inniu faoin taighde comparáideach atá sé féin agus a fhoireann ag tabhairt faoi chun tuiscint a fháil ar na forbairtí atá ar siúl anseo agus dlínsí eile maidir leis seo.

Déanann cuid agaibh anseo inniu ionadaíocht do dhaoine cúisithe freisin agus go deimhin d'oibrigh mé féin mar atur nae cosanta coiriúla roimhe seo, cé gur 15 bliana ó shin a bhí sé. Tá go leor daoine cúisithe a gcuirtear agallamh orthu i stáisiún na nGardaí nó a thagann os comhair na cúirte leochaileach freisin. Tá ról tábhachtach ag an ionchúisitheoir maidir le leochaileacht amhrastach nó duine cúisithe a thuiscint, mar shampla agus an fhianaise á measúnú nó leas an phobail san ionchúiseamh a bhreithniú.

Sula mbogaim ar aghaidh ó théama na seirbhíse, ní mór dom tagairt a dhéanamh dár réaltacht iarrphaindéimeach maidir le riaráistí agus moilleanna. Ar an gcéad dul síos, ba cheart dom a rá gur léirigh an tseirbhís ionchúisimh agus go deimhin an córas dlí coiriúil solúbthacht agus athléimneacht shuntasach i rith na paindéime lena chinntiú go leanamar ag cur seirbhís riachtanach ar fáil. Mar is eol dúinn, áfach, tá iarmhairt na paindéime ag teacht leis an méadú ar cháschomhaid le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil riaráistí agus moilleanna i roinnt réimsí. Tuigim go maith an tionchar atá ag na moilleanna seo ar íospartaigh, ar fhinnéithe, agus ar dhaoine cúisithe atá ag fanacht ar a dtriail nó i gcás ina bhfuil trialacha sceidealaithe agus nach mór iad a chur ar atráth ansin.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na riaráistí sin. Mar shampla, chabhraigh sannadh Breithiúna breise chuig an bPríomh-Chúirt Choiriúil in 2021 le moilleanna ar ionchúisimh éignithe agus dúnmharaithe a mhaolú. Tá súil agam freisin go dtiocfaidh méadú ar an bhfeasacht anois ar cé chomh hidirnasctha atá na codanna éagsúla den gcóras dlí coiriúil. Má shanntar níos mó breithiúna, mar shampla, cuirtear brú breise ar na seirbhísí agus ar na dlíodóirí a thacaíonn leis na cúirteanna sin, lena n-áirítear an tseirbhís ionchúisimh. Ní mór acmhainní breise i gcuid amháin den gcóras dlí coiriúil a mheaitseáil ar fud an chórais. Tá m'Oifig tiomanta do bheith ag comhoibriú lenár gcomhghleacaithe ar fud an chórais ceartais choiriúil chun a chinntiú gur féidir léi oibriú ar bhealach a thugann níos mó cinnteachta d'úsáideoirí seirbhísí.

Ag bogadh ar aghaidh anois go dtí an digitiú agus an dúshlán a bhaineann leis an líon ollmhór sonraí digiteacha i go leor de na cásanna a phléimid - sonraí ó fhóin phóca, ríomhairí, agus TCI. Is léir go bhfuil deireadh tagtha leis na laethanta ina ndéantar méarú trí na céadta leathanach, agus tá raon gníomhartha inár Ráiteas Straitéise atá dírithe ar thacú leis an aistriú chuig an digitiú. Sa mheántearma tá gá le bogadh

chuig seirbhís atá digitithe go hiomlán, a éascaíonn malartú sonraí níos éasca nó rochtain éasca ag raon páirtithe ar an bhfianaise atá stóráilte in aon áit amháin agus roinnte chun críche ionchúisimh. Is cinnte go mbeidh gá le hinfheistíocht – mar shampla i mbogearraí agus in oiliúint TFC – agus tiomantas marthanach don aistriú leanúnach chuig an digitiú. Beidh an infheistíocht agus an tiomantas seo ag teastáil ní hamháin ó m’Oifig, ón nGarda Síochána agus ó ghníomhaireachtaí ceartais choiriúil eile, ach ó abhcóidí, aturnaetha stáit agus aturnaetha cosanta freisin. Beidh éifeachtúlachtaí mar thoradh air, áfach. Déanta na fírinne, agus an méid sonraí á malartú agus á gceistiú anois, ní fada go mbeidh sé dodhéanta ár bpoist mar dhlíodóirí coiriúla a dhéanamh go héifeachtach gan bogadh chuig an digitiú iomlán.

Bíonn tionchar ar leith ag fás easpóntaí sonraí ar phróisis nochtá. Thar an timthriall straitéise seo tá sé beartaithe ár dtreoir maidir le nochtadh a fhorbairt a thuilleadh, chomh maith le feabhas a chur ar nósanna imeachta oibriúcháin áirithe chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí. Mar sin féin, tá ceisteanna beartais níos mó ann freisin maidir le cibé an bhfuil bealach níos fearr ann chun cearta na cosanta chun nochtadh a chothromú leis an méid atá réalaíoch d’ionchúisitheoirí, dlíodóirí cosanta agus cúirteanna a bhainistiú i gcomhthéacs an méid ollmhór ábhair a bhíonn i gceist go minic anois. Táim buíoch de James Dwyer SC as ucht aontú labhairt linn inniu agus achoimre ar a chuid smaointe ar an ábhar a thabhairt. Bhí deis agam réamhchóip de chur i láthair Shéamais a fháil agus tá a fhios agam go spreagfaidh sé níos mó ceisteanna ná freagraí. Tá sé tábhachtach, dar liom, go gcuirfimid na ceisteanna seo, fiú mura féidir linn na freagraí go léir a ghealladh duit inniu.

Críochnóidh mé ag caint faoi chomhoibriú agus faoi dhaoine. Mar a luaigh mé ar an gclár d’ócáid an lae inniu, tá seirbhís ionchúisimh na hÉireann neamhghnách sa mhéid is go bhfuil an oiread sin codanna inti. Is é ceann de na buntáistí a bhaineann leis seo ná go bhfuil go leor neamhspleáchais machnaimh inár gcóras agus is láidreacht cheart é sin, dar liom. Cónaíonn Aturnaetha Stáit go háitiúil i 32 ionad ar fud na tíre agus mar thoradh air sin is féidir leo dearcadh náisiúnta a thabhairt do sheirbhís a bheadh bunaithe go mór i mBaile Átha Cliath murach é. Déanann an Barra neamhspleách ionadaíocht ar an gcosaint agus ar an ionchúiseamh aron. Is é láidreacht an chórais seo ná go bhfuil rochtain ag an gcosaint agus ag an ionchúiseamh ar abhcóidí cumasacha tiomanta a bhfuil dearcadh cothrom acu maidir le cearta na bpáirtithe éagsúla go léir. Tá sé tábhachtach dár gcóras dlí coiriúil daoine a mhealladh agus a choinneáil chun oibriú i réimse an dlí choiriúil. Chuaigh m’Oifig i dteagmháil le Comhairle an Bharra agus le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le dúshlán ina leith sin.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don infheistíocht mhéadaithe a rinne an Rialtas le déanaí sa tseirbhís ionchúisimh agus an maoiniú méadaithe a leithdháileadh sa bhuiséad le déanaí le haghaidh soláthar foirne, infheistíocht TFC, costais aturnaetha stáit agus táillí d’abhcóide.

Mar sheirbhís ionchúisimh nílimid ach mar chuid den chóras iomlán ceartais choiriúil atá i bpróiseas feabhsaithe agus nuachóirithe leanúnach ionas gur féidir leis freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse. Ní féidir aon cheann de na dúshláin ar labhairt mé leo – freagairt do riachtanais finnétithe leochaileacha, nochtadh, digitiú, aghaidh a thabhairt ar thionchar riaráistí Covid – a réiteach gan comhoibriú ar fud an chórais, agus sin an fáth a bhfuil imeachtaí mar an lá inniu chomh tábhachtach sin.

Is dlíodóirí go leor againn anseo, agus mar dhlíodóirí dírimid go minic ar an bpróiseas. Ar phróiseas cothrom a chinntiú. Tá sé seo tábhachtach ar ndóigh. Ach mar dhaoine a oibríonn sa cheartas coiriúil, i gcibé cáilíocht, oibrímid i seirbhís don phobal. Mar sin, ní mór dúinn ní amháin próiseas cothrom a chinntiú ach freisin iarracht a dhéanamh rudaí a fheabhsú, cur le feabhsuithe ar fud an chórais do na daoine a úsáideann é, agus ar deireadh thiar a chinntiú go bhfuil muinín agus iontaoibh mhuintir na hÉireann tuillte againn.

Tugann sin mo chuid tuairimí foirmiúla i gcrích, ach sula gcríochnóidh mé ba mhaith liom cúpla ‘nóta buíochais a ghabháil’ a rá agus tú a chur ar an eolas faoi na hathruithe iomadúla a tháinig ar aturnaetha stáit. Ach ar dtús ba mhaith liom cuimhneamh ar bheirt a fuair bás le bliain anuas.

Luaim Gráinne Carthy ar dtús, a fuair bás i mí an Mheithimh. Bhí Gráinne ina hoifigeach cléireachais inár nOifig agus ina státseirbhíseach ar feadh a saoil. Ba chomhghleacaí iontach agus duine álainn í ba mhéala a bás.

Ba mhaith liom Tom O’Connell Abhcóide Sinsearach a lua freisin, a fuair bás an tseachtain seo caite. Tá a fhios agam gur ionchúisigh sé ar son Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar feadh na mblianta fada i dtrialacha deacra casta. Is cuimhin liom Tom ó mo laethanta i gcosaint choiriúil. Bhí sé neamhspleách amach is amach agus bhí sé ar dóigh le bheith ag obair leis. Is mór an chailliúint é.

Ba mhaith liom freisin athruithe le déanaí ar ár seirbhís aturnae stáit a lua, le scor Rory Benville i gCill Mhantáin, Alan Millard i gCeatharlach agus Noel Farrell i Liatroim. Tá Malachy Boohig síos in Iarthar Chorcaí freisin le dul ar scor an mhí seo chugainn. Tá beirt aturnaetha stáit eile, Vincent Deane agus Ciaran Liddy, tar éis sinn a fhágáil nuair a ceapadh iad mar bhreithiúna den Chúirt Dúiche. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hiar-aturnaetha stáit seo go léir as a ngairmiúlacht agus a seirbhís fhairsing don Stát. Ina n-áiteanna tá Brian Robinson i gCill Mhantáin, Brendan O’Flaherty i gCeatharlach, Niamh McGovern i Liatroim agus Louise Cresham i Maigh Eo. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na haturnaetha stáit nua seo chuig imeacht an lae inniu agus gach rath a ghuí orthu ina róil nua.

Mar is gnáth, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir – foireann m’Oifige, ár n-aturnaetha stáit go léir agus an iliomad abhcóidí neamhspleácha a dhéanann ionadaíocht thar ceann an ionchúisimh as bhur dtiomantas agus bhur ndianobair ar fad le bliain anuas, chomh maith leis na páirtithe leasmhara eile sa chóras dlí coiriúil, ar a bhfuil go leor acu anseo inniu. Mo bhuíochas libh as bhur dtacaíocht agus bhur gcomhoibriú leanúnach agus as bheith linn inniu.

Mar fhocal scoir, ní mór dom buíochas mór a ghabháil le hOrlagh Flood agus le Kevin Graham as an obair ollmhór atá ar bun chun imeacht mar atá inniu ann a eagrú.

Go raibh maith agaibh as bhur n-aire agus tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an maidin.

Catherine Pierse, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
19 Samhain 2022